2024/2377

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2377 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn IV dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0091/2024),

A. de bhrí gur bunaíodh Comhghnóthas EU-Rail le Rialachán (AE) 2021/2085 ([1]) ón gComhairle (an 'Bunghníomh Aonair');

B. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 174(6) den Bhunghníomh Aonair, gurb é Comhghnóthas EU-Rail an comharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte Chomhghnóthas Shift2Rail ar tháinig sé ina ionad agus i gcomharbas air;

C. de bhrí gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é Comhghnóthas EU-Rail le haghaidh taighde agus nuálaíochta in earnáil an iarnróid; de bhrí gurb iad an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe an tionscail iarnróid, lena n-áirítear monaróirí trealaimh iarnróid, cuideachtaí iarnróid, bainisteoirí bonneagair, agus ionaid taighde, a chomhaltaí bunaidh;

D. de bhrí, chun trédhearcacht a mhéadú, gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina chuntais bhliantúla; de bhrí, le haghaidh gach cláir a bhfuil siad ag oibriú fúthu, gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí atá socraithe don chlár lena mbaineann, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana; de bhrí gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail leanúint den trédhearcacht a fheabhsú;

Ginearálta

1. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ('tuarascáil na Cúirte') maidir le cuntais bhliantúla Chomhghnóthas EU-Rail don bhliain airgeadais 2022, go gcuirtear i láthair go cothrom sna cuntais bhliantúla, ó thaobh na ngnéithe ábhartha uile de, staid airgeadais Chomhghnóthas EU-Rail an 31 Nollaig 2022, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil na hidirbhearta bunaidh sna cuntais, ó thaobh na ngnéithe ábhartha uile de, dlíthiúil rialta;

2. á chur in iúl gur geal léi gur chuir Comhghnóthas EU-Rail tús go rathúil le gníomhaíochtaí ag deireadh 2021; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, a ról maidir le gréasán iarnróid comhtháite AE a chur i gcrích do phaisinéirí agus do lastas Eorpach;

3. ag aithint, ó Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí Chomhghnóthas EU-Rail ([2]) gur bhliain uaillmhianach agus rathúil a bhí in 2022 lenar baineadh amach céim mhéadaithe Chomhghnóthas EU-Rail agus a Chlár atá ag feidhmiú go hiomlán anois, lena n-áirítear Colún na Nuálaíochta, an Colún Córasach agus, go luath, an Grúpa Imscartha; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, gur bhliain ríthábhachtach a bhí in 2022 do chláir nuálaíochta EU-Rail;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil torthaí na hoibre atá ar siúl ó seoladh an clár léirithe cheana féin ag na tionscadail taispeána teicniúla go léir, nó go bhfuil siad ag díriú ar na céimeanna ullmhúcháin deiridh le haghaidh taispeántais a tharlóidh in 2023;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

([2]) Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa: Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2022- https://rail-research.europa.eu/wp-content/uploads/2023/06/GB-Decision_07_2023_Annex_AAR_22.pdf.

5. ag tabhairt dá haire, le linn 2022, go raibh na comhaltaí bunaidh ag obair le chéile chun a dtiomantas do Chomhghnóthas EU-Rail a chur i ngníomh agus mórthograí á gcur faoi bhráid Ghlao 2022-1 acu, gurb é a bhí mar thoradh air tar éis measúnú oscailte, trédhearcach agus neamhspleách ná 6 Thionscadal Shuaitheanta lena gcumhdaítear Céim 1 den Chlár EU-Rail; ag tabhairt dá haire go raibh na tionscadail sin ag feidhmiú faoi dheireadh 2022; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur maoiníodh an Colún Córasach i gcomhthráth tar éis glao mór ar thairiscintí;

6. ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh 2022 a mharcáil freisin chun cur chuige córais maidir le héabhlóid iarnróid a chur chun feidhme go comhsheasmhach, arna spreagadh ag beartas Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (AS MOVE) an Choimisiúin, ina bhfuil Comhghnóthas EU-Rail ar neamhthuilleamaí taighde agus nuálaíochta agus Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) an príomhúdarás córais don Chóras Eorpach um Bainistiú Trachta Iarnróid (ERTMS) agus d'fheidhmchláir theileamaitice, lena gcruthaítear an deis do thionscal iarnróid na hEorpa a thuairimí agus a uaillmhianta a thabhairt chun cinn 'd'aon ghuth' agus é ag súil le cur chuige córasach comhleanúnach ar an leibhéal institiúideach;

7. ag tabhairt dá haire Máistirphlean Chomhghnóthas EU-Rail agus a choigeartú ar an bPlean le 'Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht Iarnróid' ó Chomhairle Chomhairleach um Thaighde Iarnróid na hEorpa (ERRAC);

8. ag moladh an dlúthchomhair leis na príomhgheallsealbhóirí, eadhon ERRAC, LET, agus cláir/comhpháirtíochtaí eile, lena léirítear iarracht réamhghníomhach chun sineirgí a chothú agus chun deiseanna do thionscadail chomhpháirteacha laistigh d'earnáil iarnróid na hEorpa a fhiosrú; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht Chomhghnóthas EU-Rail le comhlachais agus le cláir tríú tíortha, lena ndírítear ar iomaíochas an tionscail a fheabhsú;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

9. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil Chomhghnóthas EU-Rail maidir le Bainistiú Buiséadach agus Airgeadais 2021, mar thoradh ar thrí leasú ar an mbuiséad, gurbh ionann an buiséad a ghlac Comhghnóthas EU-Rail agus EUR 171,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 180,8 milliún i leithreasuithe íocaíochta ([3]);

10. á chur in iúl gur eol di go mbraitheann na hathruithe ar mhéid bhuiséad Chomhghnóthas EU-Rail den chuid is mó ar chéim chur chun feidhme na gclár taighde agus nuálaíochta ilbhliantúil. ag tabhairt dá haire gur thosaigh Comhghnóthas EU-Rail, in 2022, le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach, agus dá bhrí sin, go n-áirítear i mbuiséad 2022 an buiséad gealltanais do na chéad ghlaonna de chuid Fís Eorpach atá beartaithe do 2022, agus an buiséad íocaíochta do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara ([4]);

11. ag tabhairt dá haire go raibh 100 % dá leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a cuireadh ar fáil ina bhuiséad gníomhach curtha chun feidhme ag Comhghnóthas EU-Rail ag deireadh na bliana 2022 (Teideal 1 go Teideal 3); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur cuireadh na leithreasuithe íocaíochta chun feidhme suas le 79,1 % de na cistí gníomhacha (79 % den chur chun feidhme faoi seach i gcomparáid le buiséad iomlán Chomhghnóthas EU-Rail lena n-áirítear Teideal 4) ([5]);

12. ag tabhairt dá haire, trí bhíthin Chinneadh Uimh. 08/2021 ón mBord Rialaithe (GB) an 25 Samhain 2021, gur ghlac Bord Rialaithe Chomhgnóthas Shift2Rail an Plean Oibre Bliantúil agus an Buiséad tosaigh do 2022, a lean d'fheidhm a bheith aige maidir le Comhghnóthas EU-Rail trí ghlacadh an 'cinneadh omnibus', mar a thugtar air, ag Bord Rialaithe Chomhghnóthas EU-Rail; ag tabhairt dá haire, faoin tráth a glacadh é, nach raibh na leithreasuithe buiséid a áiríodh i mBuiséad 2022 beartaithe chun an bhliain airgeadais iomlán a chumhdach, ach chun reáchtáil na ngníomhaíochtaí a áirithiú go dtí seoladh na comhpháirtíochta nua, an Comhghnóthas EU-Rail, agus chun leanúnachas gnó riachtanach na ngníomhaíochtaí a áirithiú;

13. ag tabhairt dá haire, maidir le costais riaracháin, gurbh ionann an ráta cur chun feidhme i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 100 % agus 84 % i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le 95 % in 2021); ag tabhairt dá haire gur thug an Comhghnóthas EU-Rail údar leis an laghdú sin ós rud é nach bhféadfadh an Comhghnóthas EU-Rail a bheith ag súil lena fhoireann iomlán a bhaint amach ach faoi dheireadh na bliana ar a luaithe;

([3]) EUR 13,6 milliún agus EUR 68,4 milliún faoi seach do 2021.
([4]) Tuarascáil CIE (lch. 106), https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/277992/RAS-Jus-FY2022_EN.pdf.
([5]) Teideal 1 – Caiteachas foirne; Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin; Teidil 3 agus 4 – Caiteachas oibríochtúil.

14. ag tabhairt dá haire gurbh ionann ráta cur chun feidhme an Bhuiséid Oibríochtúil i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 100 % agus 79 % i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le 84 % in 2021); á chur in iúl go dtuigeann sí go n-áirítear sa ráta cur chun feidhme freisin EUR 76 000 a bhaineann le Saineolaithe Meastóireachta atá á mbainistiú ag Seirbhísí na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde;

15. ag tabhairt dá haire go ndéanfar an méid (EUR 41,1 milliún) faoi Theideal 5 – leithreasuithe nár úsáideadh nach bhfuil gá leo sa bhliain reatha – a bunaíodh chun tacú le cur chun feidhme trédhearcach Airteagal 6.5 de Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas EU-Rail, riail n+3 mar a thugtar air – a athghníomhachtú i mbuiséad/buiséid na bliana atá le teacht agus go n-úsáidfear ar dtús é;

16. ag tabhairt dá haire, ó bharúlacha na Cúirte, go bhfuil difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (an tAontas agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí aitheanta in aghaidh na ballchatagóire; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh atá toisc go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar le Comhghnóthas EU-Rail iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe;

17. á iarraidh ar Chomhghnóthas EU-Rail aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, trí fhaisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí Chomhghnóthas EU-Rail ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de; á chur in iúl gur geal léi tiomantas Chomhghnóthas EU-Rail aghaidh a thabhairt ar an mbarúil sin i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn (2023);

18. ag tabhairt dá haire, maidir le cur chun feidhme an chláir Fís 2020, ag deireadh 2022, go raibh ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de EUR 384,5 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais agus conarthaí a bhí sínithe faoi chlár Fhís 2020 geallta go hiomlán ag Comhghnóthas EU-Rail; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, as an méid geallta sin, go bhfuil thart ar EUR 68,2 milliún (nó 18 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche;

19. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thug na comhaltaí príobháideacha gealltanas dlíthiúil go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de EUR 320,7 milliún a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas EU-Rail, agus ranníocaíochtaí comhchineáil EUR 244 mhilliún nó 123,7 % den sprioc íosta EUR 456,5 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí breise, agus gur tuairiscíodh na méideanna geallta sin ag deireadh 2022;

20. ag tabhairt dá haire, fós i gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, nach bhfuair Comhghnóthas EU-Rail leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích aige faoi dheireadh 2021; ag tabhairt dá haire gur thit an ráta cur chun feidhme do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla, lena n-áirítear leithreasuithe oibríochtúla nár úsáideadh agus ath-leithdháilte, go 47 % (i gcomparáid le 2021: 61 %); á chur in iúl go dtuigeann sí, de réir Chomhghnóthas EU-Rail, gurbh é ba chúis leis sin an méadú atá ag teacht ar chostais agus ar fhadhbanna seachadta na dtairbhithe a d'eascair as géarchéim COVID-19 agus as an gcogadh san Úcráin agus, mar thoradh air sin, gur ghá fad a chur le formhór thionscadail Fís 2020 agus íocaíochtaí deiridh a chur siar go 2023;

21. ag tabhairt dá haire, chun an clár Fís Eorpach a chur chun feidhme, go ndearna an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid EUR 108,9 milliún in 2022; ag tabhairt dá haire gur éirigh le Comhghnóthas EU-Rail an chéad dá ghlao faoin gclár Fís Eorpach a dhúnadh, agus gur bhain sé beagnach lán-úsáid as an gcuid ranníocaíochta oibríochtúla de EUR 107,5 milliún don réamh-mhaoiniú le haghaidh na gcéad chomhaontuithe deontais a tugadh i gcrích faoin gclár;

22. ag moladh na ngarspriocanna ríthábhachtacha a baineadh amach le Clár Shift2Rail faoi dheireadh 2022, le gealltanas iomlán acmhainní agus thart ar 86 % den Chlár curtha i gcrích agus 91 % i bhforghníomhú airgeadais don bhliain 2023, d'fhonn taispeántais oibríochtúla TRL6/7 atá beartaithe a thabhairt i gcrích le linn 2023 a bhaint amach;

23. ag tabhairt dá haire, maidir le cuntais shealadacha Chomhghnóthas EU-Rail, nach bhfuarthas aon dheimhniú iniúchóireachta maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP)/ ná ranníocaíochtaí comhchineáil carnacha le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA) in 2022; ag fanacht le bailíochtú IKOP 2022 tar éis chur isteach na gcostas tionscadail i mí Feabhra 2023;

24. ag tabhairt dá haire gurbh ionann luach carnach na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain ag Comhghnóthas EU-Rail ar Shift2Rail le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta in 2022 agus EUR 619,4 milliún, agus gur réadaíodh é ar EUR 92 mhilliún de;

25. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé córas iarnróid inbhuanaithe agus athléimneach a chur ar fáil trí chóras iarnróid ciúin astaíochtaí nialasacha agus bonneagar aeráidseasmhach a fhorbairt, tríd an ngeilleagar ciorclach a chur i bhfeidhm, trí phróisis, teicneolaíochtaí, dearaí agus ábhair nuálacha i saolré na gcóras iarnróid a phíolótú agus trí réitigh nuálacha eile a fhorbairt le haghaidh iompar dromchla treoraithe;

26. á iarraidh go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta chun gréasán iarnróid comhtháite Eorpach a chur ar fáil, lena gcuirfear deireadh le bacainní ar idir-inoibritheacht agus lena gcuirfear réitigh ar fáil le haghaidh comhtháthú iomlán, lena gcumhdaítear bainistiú trachta, feithiclí agus bonneagar, agus comhtháthú le leithid neamhchaighdeánacha (amhail iarnród 1 520, 1 000 nó 1 668 mm, ar léiríodh a dtábhacht i gcás na Lánaí Dlúthpháirtíochta san Úcráin); ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar riachtanais paisinéirí agus gnólachtaí, dlús a chur le glacadh réiteach nuálach chun tacú leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, agus acmhainneacht agus iontaofacht a mhéadú chomh maith le costais a bhaineann le hiompar iarnróid a laghdú ag an am céanna;

27. á iarraidh go ndéanfar aistriú tapa chuig córas iarnróid Eorpach atá níos tarraingtí, níos éasca le húsáid, níos iomaíche, níos inacmhainne, níos éasca le cothabháil, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe agus a chomhtháthófar sa chóras soghluaisteachta níos leithne chun tacú le tionscal iarnróid Eorpach atá láidir agus iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt;

Soláthar agus foireann

28. ag tabhairt dá haire, maidir le gníomhaíochtaí soláthair a chur chun feidhme, gur chomhlíon Comhghnóthas EU-Rail prionsabail an Rialacháin Airgeadais agus an treoir a cuireadh ar fáil i dTreoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Soláthar, rud a d'fhág gur cuireadh chun feidhme gníomhaíochtaí a fuair an luach is fearr ar airgead; ag tabhairt dá haire gur toradh iad na luachanna arna mbunú do na nósanna imeachta éagsúla soláthair, atá faoi bhun aon leibhéal ábharthachta i bhfianaise luach iomlán na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus an chláir, ar chomheolas na mball foirne lena mbaineann agus ar a dtaithí in eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí roimhe seo;

29. ag tabhairt dá haire, in 2022, i gcás nósanna imeachta oscailte, gur lean Comhghnóthas EU-Rail d'úsáid a bhaint as na hardáin r-tairisceana agus ríomhaighneachta atá ar fáil ó shuíomh gréasáin r-tairisceana TED agus atá inrochtana ar an tairseach Deiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana 54; ag tabhairt dá haire, i gcomhthéacs na straitéise ríomhsholáthair, in 2022, gur chuir Comhghnóthas EU-Rail tús le próiseas ionduchtaithe na hUirlise um Bainistiú an tSoláthair Phoiblí (PPMT), an uirlis a chuirfear in ionad ríomhfhógraí agus r-tairisceana TED ([6]);

30. ag tabhairt dá haire, le linn 2022, gur lean an Príomh-Oifigeach Dlí de roinnt doiciméad treorach agus teimpléad le haghaidh nósanna imeachta soláthair a thabhairt cothrom le dáta (i.e.: féilire, sonraíochtaí tairisceana, oscailt agus meastóireacht tairiscintí, nósanna imeachta dámhachtana le haghaidh conarthaí ar luach íseal, etc.) chun iad a oiriúnú do riachtanais Chomhghnóthas EU-Rail agus do mholtaí AS BUDG, go háirithe don nós imeachta ríomhaighneachta;

31. ag tabhairt dá haire gur sheol Comhghnóthas EU-Rail nós imeachta tairisceana oscailte in 2022: Colún Chóras Iarnróid na hEorpa (3 bheart) – creatchonarthaí seirbhísí chun seirbhísí a sholáthar do Chomhghnóthas EU-Rail i réimsí an Cholúin Chórasaigh; ag tabhairt dá haire gurb é EUR 45 mhilliún an méid iomlán a dámhadh agus gur dámhadh EUR 4 mhilliún ar bheart 1, EUR 37 milliún a dámhadh do bheart 2 agus EUR 4 mhilliún a dámhadh do bheart 3 ([7]);

32. ag tabhairt dá haire gur forghníomhaíodh Teideal 1 agus Teideal 2 den bhuiséad suas le 100 %, agus gur úsáideadh Teideal 1 (Caiteachas Foirne) go príomha le haghaidh thuarastail na foirne; ag tabhairt dá haire, le linn na bliana, gur bhain Comhghnóthas EU-Rail úsáid freisin as tacaíocht sheachtrach chun na bearnaí a líonadh go dtí go mbeidh earcú foirne tugtha chun críche agus chun déileáil leis an ualach oibre a bhaineann le gníomhaíochtaí Chomhghnóthas EU-Rail;

33. ag tabhairt dá haire gur líonadh 28 bpost ag deireadh 2022;

34. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Bord Rialaithe an Plean Bunaithe Foirne Comhghnóthas EU-Rail atá ann faoi láthair an 1 Márta 2022, lenar tugadh isteach poist mar ghníomhairí sealadacha i ndáil le ról nua Chomhghnóthas EU-Rail sa Cholún Córasach agus chun an tacaíocht do ghníomhaíochtaí beartais lena Chlár comhtháite taighde agus nuálaíochta a neartú tuilleadh;

35. ag tabhairt dá haire, de réir an Phlean Bunaíochta Foirne, go mbeidh 29 mball foirne ag Comhghnóthas EU-Rail, lena n-áirítear 2 shaineolaí náisiúnta ar iasacht; ag tabhairt dá haire, in 2022, go raibh an chuid is mó de na poist fholmha á líonadh de réir a chéile, cé nach raibh aon bhaill foirne ag fágáil, go raibh roinnt saoire sealadach fós ag Comhghnóthas EU-Rail; ag tabhairt dá haire, chun bearnaí sealadacha nó neamhláithreachtaí fadtéarmacha a líonadh, gur bhain Comhghnóthas EU-Rail úsáid freisin as inniúlachtaí agus saineolas seachtrach chun a ghníomhaíochtaí oibríochtúla a bhaint amach, chomh maith le seachfhoinsiú sealadach a dhéanamh ar roinnt cúraimí riaracháin;

([6]) Tá sé beartaithe an próiseas ionduchtaithe a thabhairt chun críche faoi R1-R2 2023.

([7]) EU-Rail i réimsí an chroíghrúpa don Cholún Córasach (beart 1), saineolas ón gColún Córasach (beart 2) agus gníomhaíochtaí cothabhála STI CCS (beart 3) a tugadh i gcrích an 12 Iúil 2022 le Cuibhreannas Cholún Córas an chonraitheora (don 3 bheart) Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa: Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2022 maidir le Gníomhaíochtaí (lgh. 131-132).

36. ag tabhairt dá haire, ón Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí Chomhghnóthas AE-Rail, go bhfuiltear fós ag dréim le feabhsuithe maidir le cothromaíocht inscne, ar an mbord bainistíochta agus ar gach leibhéal eile de chuid Chomhghnóthas EU-Rail; ag tabhairt dá haire go raibh 28 (58 %) fear agus 21 (42 %) bean ar bhord bainistíochta Chomhghnóthas EU-Rail in 2022; ag tabhairt dá haire gurbh ionann an cóimheas inscne ar leibhéal bhainistíocht Chomhghnóthas EU-Rail agus 78 % fir agus 22 % mná agus go raibh an fhoireann ar fad comhdhéanta de 65 % fir agus 35 % mná; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an dara post mar Cheann Aonaid baineann ceaptha ag an mbord bainistíochta chuig foireann bainistíochta Chomhghnóthas EU-Rail; ag tathant ar Chomhghnóthas EU-Rail leanúint d'fheabhas a chur ar chothromaíocht inscne agus iarracht a dhéanamh cothromaíocht gheografach chothrom a bhaint amach i ndáil leis sin;

Córais bhainistíochta agus rialaithe

37. á aithint, i dtaca leis an gcaiteachas faoi Fhís 2020 agus Fís Eorpach, go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (AS RTD) sa Choimisiún freagrach as iniúchtaí *ex post*; ag tabhairt dá haire, i gcás an chaiteachais faoi Fhís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), gur thuairiscigh Comhghnóthas EU-Rail ráta earráide ionadaíoch de 2,2 % agus ráta earráidí iarmharacha de 1,3 %;

38. ag tabhairt dá haire, i gcás an chláir Fís Eorpach, go bhfuil iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024;

39. ag tabhairt dá haire, chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas EU-Rail a mheasúnú, go ndearna an Chúirt iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh ([8]); ag tabhairt dá haire, i gcás amháin, gur aimsigh agus gur chainníochtaigh an Chúirt earráid thromchúiseach a d'eascair as ró-éileamh i gcostas pearsanra mar gur chuir an tairbhí costais indíreacha san áireamh sa bhunús ríofa do rátaí costais de réir an aonaid don lárionad costas; ag tabhairt dá haire, áfach, go gcumhdaítear na costais sin leis an gcothromráta de 25 % le haghaidh costais indíreacha;

40. ag tabhairt dá haire, cé go ndearna Comhghóthas EU-Rail rialaithe rioscabhunaithe *ex ante*, ar bhonn *ad hoc*, i gcás tionscadail rioscúla, ní raibh aon chur chuige struchtúrtha rioscabhunaithe i leith rialuithe *ex ante* curtha chun feidhme fós acu faoi dheireadh 2022; ag tabhairt dá haire, go háirithe, nach raibh rialuithe *ex ante* ailínithe ag Comhghnóthas EU-Rail leis na fachtóirí ardriosca a sainaithníodh trí mheasúnuithe riosca spriocdhírithe agus nach raibh treoraíocht phraiticiúil inmheánach forbartha aige maidir leis an gcaoi le faireachán rioscabhunaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear treoracha faoin gcaoi ar cheart don fhoireann an modúl bainistithe riosca atá ar fáil in COMPASS a úsáid;

41. dá bhrí sin, níor áirithigh Comhghnóthas EU-Rail sin go ndearnadh measúnú iomlán agus comhchuibhithe ar a gcuid rioscaí ábhartha a bhí bainteach le tionscadal agus le tairbhí, arb éard a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin ná go mbeadh rialuithe *ex ante* neamhéifeachtúla agus/nó neamhéifeachtacha ann a mhéadaíonn an riosca go ndéanfar cómhaoiniú ar chostais neamh-incháilithe, nach mbainfear amach cuspóirí an tionscadail, go gcuirfear moill ar thionscadail nó fiú go dteipfear ar thionscadail;

42. ag athdhearbhú na hiarrata ón gCúirt ar ghníomhaíocht gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail cur chuige struchtúrtha rioscabhunaithe a chur chun feidhme maidir le rialuithe *ex ante* lena gcumhdaítear rioscaí ábhartha a bhaineann le tionscadail agus le tairbhithe; ag aontú, thairis sin, gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail treoraíocht phraiticiúil inmheánach a fhorbairt maidir leis an gcaoi le faireachán rioscabhunaithe a chur chun feidhme ar leibhéal na dtionscadal agus na dtairbhithe, agus faoin gcaoi ar cheart don fhoireann an modúl bainistithe riosca atá ar fáil in COMPASS a úsáid;

43. á iarraidh ar Chomhghnóthas EU-Rail aghaidh a thabhairt ar laigí in úsáid na huirlis faireacháin treisithe; ag aontú gur cheart do Chomhghnóthas EU-Rail a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí rialaithe sonracha ag gabháil leis na gníomhaíochtaí faireacháin threisithe uile lena ndírítear ar na rioscaí sainaitheanta, agus go ndéanfar obair leantach orthu ag spriocdháta réamhshainithe;

44. ag tabhairt dá haire gur mhaith le Comhghnóthas EU-Rail a chur i bhfios go láidir gur maolaíodh go mór an baol go mbeadh earráidí in íocaíochtaí deontais Fís 2020 trí chnapshuimeanna a úsáid;

45. ag tabhairt dá haire, go háirithe, gur áirithigh Comhghnóthas EU-Rail cnapshuimeanna réasúnacha trí shaineolaithe airgeadais a úsáid le linn na nósanna imeachta meastóireachta glaonna agus go ndearna sé imscrúdú agus caibidlíocht chúramach ar na míreanna costais uile a cheistigh na saineolaithe airgeadais le linn chéim ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais, i gcomhréir le Cinneadh C(2017)7151 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2017 maidir le húdarú a dhéanamh ar aisíocaíocht a úsáid ar bhonn cnapshuime le haghaidh chostais incháilithe na ngníomhaíochtaí faoi Chlár Réime Fís 2020;

46. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go n-aithníonn an Comhghnóthas, cé go bhfuil nósanna imeachta leabaithe aige chun fachtóirí ardriosca a shainaithint *ex ante* do chomhaontuithe deontais Fís 2020, go bhféadfaí na nósanna imeachta sin a ailíniú níos fearr leis an treoir ón gCoimisiún maidir le rialuithe *ex ante* rioscabhunaithe;

([8]) Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe (tuarascáil CIE, lch. 110).

Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

47. ag tabhairt dá haire gur ‘moltaí gan fráma ama’ ón gCúirt iad na barúlacha i dtuarascálacha bliantúla sonracha Chomhghnóthas EU-Rail; ag tabhairt dá haire go ndéanann CIE obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas ‘oscailte’ nó ‘dúnta’;

48. ag tabhairt dá haire, maidir leis an dá bharúil ón gCúirt le haghaidh 2021, go bhfuil ceann amháin fós oscailte, a bhain leis an ráta íseal cur chun feidhme do bhuiséad íocaíochta oibriúcháin 2021 Chomhghnóthas EU-Rail a bhí ar fáil, lena n-áirítear leithreasuithe oibríochtúla nár úsáideadh agus leithreasuithe ath-leithdháilte (a thit go 61 % i gcomparáid le (2020: 76 %));

49. ag tabhairt dá haire gurbh é droch-cháilíocht thuarascálacha teicniúla na dtairbhithe agus an gá atá le fianaise bhreise lena ndeimhnítear gur baineadh amach torthaí an tionscadail ba chúis leis an staid sin den chuid is mó agus go bhfuil tionchar ag moill tairbhí aonair ar íocaíocht an mhéid cnapshuime iomláin;

50. á chur in iúl gur mór aici gur fhorbair Comhghnóthas EU-Rail, in 2022, plean gníomhaíochta chun tuairisciú airgeadais na dtairbhithe a fheabhsú, rud atá tábhachtach go háirithe le haghaidh aisíocaíochtaí ar bhonn cnapshuime do chostais incháilithe gníomhaíochtaí i gcás ina ndéanann moill tairbhí aonair difear d’íocaíocht an mhéid cnapshuime iomláin.